Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

Clár
9

# Bóthar na Trá – Bóthar Grattan

Limistéar cónaithe is ea Bóthar na Trá atá i mbaol tuilte taoide agus tuilte mar gheall ar scaileogú. I limistéar Bhóthar Grattan taobh thiar de Thrá Grattan, scaileogú is ea an phríomh-mheicníocht tuilte. Tá sé mar aidhm leis na bearta atá á moladh réadmhaoine agus bonneagar a chosaint agus iarracht a dhéanamh ag an am céanna an tionchar ar radhairc farraige, ar an bpromanáid, ar pháirceanna, ar bhealach isteach ar Thrá Grattan, agus ar ghníomhaíochtaí sa láthair seo, ar nós siúil agus rith, a íoslaghdú.





## Ceisteanna maidir le Bóthar Grattan





## Cúrsaí mar atá faoi láthair

Bóthar Grattan (thiar)




Bóthar Grattan (thoir)



## Rogha 1: Balla ar thaobh na Farraige

Baineann an rogha seo le balla cosanta tuilte ar feadh thaobh na farraige den phromanáid. Cosnaítear an bóthar agus cosáin de réir caighdeán cosanta na scéime. Coinneofar bealach isteach reatha ar an trá trí úsáid a bhaint as cosaintí in-díshuite/ geataí tuilte.





### Na Príomhghnéithe

1. Balla cosanta tuilte 1.1m os cionn an talaimh atá beartaithe
2. An cosán mar atá faoi láthair a ardú 0.1 - 0.3m
3. Balla reatha tréscaoilteach
4. Balla cosanta tuilte 1.1m os cionn an talaimh atá beartaithe
5. An cosán mar atá faoi láthair a ardú 0.1 - 0.3m

Rogha 1: Bóthar Grattan (thiar)





Rogha 1: Bóthar Grattan (thoir)




## Rogha 2: Ardú Bóthair

Baineann an rogha seo leis an mbóthar a ardú mar aon le cosáin. Beidh cosaint ag an mbóthar agus na cosáin de réir chaighdeán cosanta na scéime. Tríd an rogha seo, coinnítear an radharc atá ar an bhfarraige ón mbóthar agus ó na cosáin.




### Na Príomhghnéithe

1. Ráille tréscaoilteach 1.1m os cionn na talúna atá beartaithe
2. An bóthar agus cosán mar atá faoi láthair a ardú 1.1 - 1.4m
3. Ráille tréscaoilteach 1.1m
4. An bóthar agus cosán mar atá faoi láthair a ardú 1.4m
5. Ceanglófar an limistéar glas ar fiar leis an spás glas mar atá ann faoi láthair

Rogha 2: Bóthar Grattan (thiar)





Rogha 2: Bóthar Grattan (thoir)




## Rogha 3: Balla Cúil

Baineann an rogha seo le balla cosanta tuilte a bheidh suite ar an taobh eile den bhóthar. Atógfar an balla reatha mar bhalla cosanta tuilte. Tríd an mballa a lonnú ar chúl, is féidir an airde riachtanach a laghdú, toisc go gcuidíonn an phromanáid leis an tonn a bhriseadh agus an fuinneamh atá inti a lagú sula sroichtear an balla. Mar chuid den rogha seo, ní chosnaítear an bóthar ná na cosáin. Ní chuirtear isteach ar bhealach isteach ar an trá.




### Na Príomhghnéithe

1. Balla cosanta tuilte 0.6 - 0.75m os cionn an talaimh atá ann faoi láthair
2. Balla cosanta tuilte 0.25 - 0.4m os cionn an talaimh atá ann faoi láthair

**Tabhair ar d'Aird:** In éineacht leis an méid thuas, tríd an talamh a ardú nó balla íseal a thógáil ar thaobh na farraige den phromanáid, thabharfaí caighdeán cosanta níos fearr don bhóthar agus don chosán ná mar atá ann faoi láthair. Mar gheall air sin, laghdófaí líon na n-uaireanta a ndúnfaí an bóthar le linn eachtraí ina dtarlaíonn tuilte beaga

Rogha 3: Bóthar Grattan (thiar)




Rogha 3: Bóthar Grattan (thoir)




**Is chun críocha léiritheacha amháin atá an léaráid ealaíontóra maidir leis na tograí a léirítear thuas. Is faoi réir dearadh mionsonraithe a bheidh an rogha scéime is mó a bhfuil luí leis, lena n-áireofar, ach gan a bheith teoranta do mheasúnaithe teicniúla, ceaduithe pleanála, rannpháirtíocht bhreise leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus ceanglais reachtúla nó rialála eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht sna hábhair tógála a úsáidfear agus sa bhailchríoch/chuma a bheidh ar na gnéithe.**